Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0258

Aghaidh a thabhairt ar chur faoi chois trasnáisiúnta chosantóirí chearta an duine

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2025 maidir le haghaidh a thabhairt ar chur faoi chois trasnáisiúnta chosantóirí chearta an duine (2025/2048(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine (CCDanna) agus le Rún Chomhairle um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe an 4 Aibreán 2025 dar teideal '*Human rights defenders and new and emerging technologies: protecting human rights defenders, including women human rights defenders, in the digital age*' [Cosantóirí chearta an duine agus teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn: cosantóirí chearta an duine a chosaint, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine ar mná iad, san aois dhigiteach],

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagail 3 agus 21 de,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, a glacadh i mí an Mheithimh 2004, agus ar a rún an 16 Márta 2023 ar Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí Chearta an Duine[1],

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2025 an 27 Eanáir 2025,

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024, ar cuireadh síneadh

---

1 IO C, C/2023/409, 23.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/409/oj.

leis go dtí 2027,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859[3],

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil 2024 ón gCoimisiún maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

– ag féachaint dá thuarascáil ar an imscrúdú ar líomhaintí maidir le sárú nó drochriarachán i bhfeidhmiú dhlí an Aontais i ndáil le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais comhchosúla,

– ag féachaint do ráiteas Cheannairí G7 maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta an 17 Meitheamh 2025 agus d'idirphlé il-gheallsealbhóra G7 maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta a tionóladh i mí Feabhra 2025,

– ag féachaint don staidéar óna hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha an Aontais, Meitheamh 2025, dar teideal *'Transnational repression of human rights defenders: The impacts on civic space and the responsibility of host states'* [Cosaint trasnáisiúnta ar chosantóirí chearta an duine: Na tionchair ar an spás sibhialta agus ar fhreagracht na stát óstach],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0206/2025),

A. de bhrí gur feiniméan dea-dhoiciméadaithe é an cur faoi chois trasnáisiúnta (CCT), a bhíonn ar siúl i gcomhthéacs domhanda maidir le cearta an duine atá ag dul in olcas, an spás sibhialta ag crapadh leis agus leitheadúlacht mhéadaitheach réimis fhorlámhacha atá ag éirí níos diansmachtúla agus níos teanntásaí;

B. de bhrí nach bhfuil aon sainmhíniú a glacadh go huilíoch ar chur faoi chois trasnáisiúnta agus go bhfuil sonraí oifigiúla teoranta, rud atá ina bhac ar an gcomhrac i gcoinne an fheiniméin sin; de bhrí, de réir

---

2 IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj.

3 IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?from=EN&uri=CELEX%3A32024L1760.

Freedom House, go ndeachaigh breis is 25 % de rialtais an domhain i mbun cur faoi chois trasnáisiúnta le linn na tréimhse 2014-2024, agus gur tharla 1 219 dteagmhas dhíreacha, fhisiciúla ar fud 103 spriocthír. de bhrí gurb ionann 10 réimeas agus beagnach 80 % de na cásanna uile maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta, eadhon an tSín, an Tuirc, an Táidsíceastáin, an Rúis, an Éigipt, an Chambóid, an Tuircméanastáin, an Úisbéiceastáin, an Iaráin agus an Bhealarúis; de bhrí go bhfuil tíortha i réigiúin eile, amhail Cúba, Nicearagua agus Veiniséala i Meiriceá Laidineach, an Araib Shádach sa Mhurascaill agus an Eiritré cláraithe freisin mar dhéantóirí cur faoi chois trasnáisiúnta;

C. de bhrí go sainmhínítear i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine cosantóirí chearta an duine (CCDanna) mar dhaoine aonair nó mar ghrúpaí a ghníomhaíonn chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint nó a fhéachann le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus a fhíorú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí mhodhanna síochánta;

D. de bhrí gurb iad cosantóirí chearta an duine (CCDanna) príomh-chomhghuaillithe an Aontais maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn, chomh maith le sáruithe orthu a cháineadh; de bhrí go bhfuil cur chun feidhme Threoirlínte AE maidir le CCDanna agus gealltanais ghaolmhara fós míchothrom;

E. de bhrí go bhfuil CCDanna ar fud an domhain i mbaol CCT, agus líon méadaitheach cásanna cláraithe le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil go leor cásanna fós neamhchláraithe mar gheall ar eagla roimh fhrithbheart breise;

F. de bhrí gur minic a bhaineann cur faoi chois trasnáisiúnta an bonn de shlándáil, de cheannasacht agus de dhlíchóras na stát óstach agus go gcruthaíonn sé bagairtí sistéamacha don spás sibhialta, d’institiúidí daonlathacha agus don smacht reachta ar an leibhéal idirnáisiúnta agus laistigh den stát lena mbaineann araon, mar a léirítear le tuarascálacha ó sheirbhísí faisnéise na mBallstát agus na dtíortha atá ar aon intinn leo;

G. de bhrí, in ainneoin na feasachta atá ag dul i méid maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta a bheith ann agus maidir le scála an chur faoi chois thrasnáisiúnta, go bhfuil freagairtí beartais eachtraigh agus intíre AE ar an gcur faoi chois trasnáisiúnta fós teoranta agus ilroinnte, rud a fhágann go bhfuil bearna ann ar cúis imní í i dtaca le cosaint a thabhairt do CCDanna atá i mbaol;

H. de bhrí gur uirlis bhunriachtanach iad teicneolaíochtaí nua, go háirithe earraí spiaireachta amhail Pegasus, chun cur faoi chois trasnáisiúnta nua-aimseartha a dhéanamh, a úsáideann rialtais chun

spiaireacht a dhéanamh ar CCDanna agus chun faireachas a dhéanamh orthu;

I. de bhrí go gcuireann na meáin shóisialta agus ardáin dhigiteacha eile timpeallacht chumasúcháin ar fáil le haghaidh cur faoi chois trasnáisiúnta, lena n-áirítear i bhfoirm ionsaithe haiceála, ciapadh ar líne, imeaglú agus clúmhilleadh agus feachtais bhréagaisnéise, atá fite fuaite go mór le modhanna traidisiúnta um chur faoi chois trasnáisiúnta i gcoinne CCDanna;

J. de bhrí go mbaineann cur faoi chois trasnáisiúnta digiteach leas níos mó agus níos mó as cineál dé-úsáide na dteicneolaíochtaí idirlín, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus ardáin dhigiteacha, a fheidhmíonn mar spásanna poiblí fíor-riachtanacha d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, CCDanna, iriseoirí, dlíodóirí, blagálaithe agus guthanna neamhspleácha eile chun mí-úsáid a nochtadh agus tacú le saoirsí bunúsacha; de bhrí go bhféachann gníomhaithe forlámhacha leis na hardáin sin a phlúchadh, faireachán a dhéanamh orthu, iad a ionramháil nó iad a chur ina dtost trí chiapadh, bréagaisnéis agus faireachas; de bhrí go raibh ról éighníomhach nó fiú gníomhach ag roinnt cuideachtaí teicneolaíochta uaireanta maidir le cur faoi chois digiteach a éascú, agus ar an gcaoi sin gur cumasóirí suntasacha iad chun cur faoi chois trasnáisiúnta a dhéanamh;

K. de bhrí go bhfuil gá le trédhearcacht mhéadaithe maidir leis an gcaoi a bhfreagraíonn cuideachtaí teicneolaíochta d'iarrataí rialtais chun ábhar a bhaint anuas nó chun rochtain a fháil ar fhaisnéis úsáideoirí;

L. de bhrí go mbíonn ar CCDanna atá ar deoraíocht agus ar mná diaspóra iad aghaidh a thabhairt ar chineálacha cur faoi chois trasnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hinscne amhail ciapadh, mí-úsáid agus imeaglú inscnebhunaithe, as a n-eascraíonn stiogmatú agus leithlisiú sóisialta; de bhrí go dtarlaíonn cur faoi chois digiteach trasnáisiúnta inscnebhunaithe nuair a chuireann gníomhaithe stáit agus gníomhaithe atá cleamhnaithe leis an stát teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid agus nuair a dhéanann siad inscne agus fuath ban a ionstraimiú mar uirlisí chun dul i mbun cur faoi chois i gcoinne mná atá ina gcónaí lasmuigh dá dtíortha tionscnaimh;

M. de bhrí go laghdaítear nochtadh CCDanna do chur faoi chois trasnáisiúnta trí lánurraim a thabhairt do chreataí dlíthiúla comhchuibhithe maidir le cearta an duine agus do stádas dlíthiúil slán ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

Cur faoi chois trasnáisiúnta i gcoinne CCDanna: treochtaí agus bagairtí méadaitheacha

1. á mholadh go saineofaí cur faoi chois trasnáisiúnta mar ionsaithe agus bagairtí ó stáit, lena n-áirítear réimis fhorlámhacha agus a n-ionadaithe, arb é is aidhm dóibh a leasanna a chosaint agus a chur chun cinn trí theacht thar theorainneacha náisiúnta chun

easaontaigh, freasúraí polaitiúla, iriseoirí, gníomhaithe, CCDanna agus comhaltaí diaspóra a chomhéigniú, a rialú nó a chur ina dtost, trí raon leathan modhanna fisiciúla, amhail maruithe spriocdhírithe, fuadach, foréigean, ciapadh agus filleadh forfheidhmithe, fuadach agus díbirt, agus mí-úsáid straitéiseach ionstraimí dlí, lena n-áirítear mí-úsáid seirbhísí consalacha, nósanna imeachta eiseachadta nó fógraí dearga, agus gabhálacha, chomh maith le modhanna neamhfhisiciúla, amhail faireachas digiteach, imeaglú, dúmhál agus bagairtí i gcoinne teaghlaigh CCDanna;

2. ag cáineadh aon chineál cur faoi chois trasnáisiúnta mar bhagairt thromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus mar shárú ar cheannasacht na dtíortha óstacha trí oirbhearta trasnaíochta eachtraí; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur gá sainmhíniú a comhaontaíodh go forleathan ar chur faoi chois trasnáisiúnta a ghlacadh agus dlús a chur leis an gcomhrac comhchoiteann i gcoinne an fheiniméin sin trí chreat dlíthiúil seanbhunaithe ar an leibhéal iltaobhach, réigiúnach agus náisiúnta;

3. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an géarú ar an gcur faoi chois trasnáisiúnta; á thabhairt dá haire gur dócha go ndéantar gannmheastachán ar líon na gcásanna maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta, ós rud é gur minic a dhéantar cur faoi chois trasnáisiúnta ar bhealach ceilte;

4. á thabhairt chun suntais go bhfuil foirmeacha níos fealltaí ag baint le CCT atá urraithe ag an stát, lena n-áirítear dochar fisiciúil agus céasadh, díbirt, faireachas, brú dlíthiúil, feachtais chlúmhillte, bagairtí digiteacha, fuadaigh fhorfheidhmithe, athdhúichiú éigeantach, iarrataí ar eiseachadadh, reo sócmhainní, bagairtí i gcoinne baill teaghlaigh agus maruithe neamhdhleathacha;

5. á thabhairt chun suntais agus ag cáineadh go raibh iar-Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Alejo Vidal Quadras, ina íospartach de chur faoi chois trasnáisiúnta a rinne an Iaráin trí ionsaí sceimhlitheoireachta a eagraíodh i mBallstát AE;

6. ag cáineadh réimis fhorlámhacha agus déantóirí coire eile agus a n-ionadaithe ar fud an domhain as dul i muinín cur faoi chois trasnáisiúnta digiteach; á thabhairt dá haire go n-úsáidtear teicneolaíochtaí atá cumhachtaithe ag IS, earraí spiaireachta, haiceáil agus docsáil chun CCDanna agus daoine aonair spriocdhírithe a chiapadh, faireachas a dhéanamh orthu, míchlú a tharraingt orthu agus iad a imeaglú; á chur i bhfios go láidir go gcuimsíonn cur faoi chois digiteach trasnáisiúnta cinsireacht ábharbhunaithe freisin, lena n-áirítear úsáid a bhaint as iarrataí ar bhaint anuas, bagairtí dlíthiúla, brú modhnóireachta inneachair agus bac a chur ar eagraíochtaí meán atá faoi stiúir daoine atá ar deoraíocht chun faisnéis a cháineann réimis fhorlámhacha a bhrú faoi chois nó a bhaint;

7. ag cáineadh oirbhearta an chur faoi chois dhigitigh thrasnáisiúnta inscnebhunaithe, lena ndírítear go díréireach ar CCDanna ar mná iad a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá dtíortha tionscnaimh; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá tagtha ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar bhagairtí gnéasacha trí bhíthin teicneolaíochtaí digiteacha, arb é is aidhm dóibh míchlú a tharraingt ar CCDanna ar mná iad agus iad a dhíspreagadh ó leanúint dá ngníomhaíochtaí;

8. ag cáineadh déantóirí coire as brú dlíthiúil agus taidhleoireachta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí fhógraí dearga Interpol a bhfuil údar polaitiúil leo agus tríd an ollstruchtúr frithsceimhlitheoireachta institiúideach idirnáisiúnta, chun a iarraidh go ndéanfaí CCDanna atá ar deoraíocht agus daoine aonair spriocdhírithe a ghabháil agus a eiseachadadh; ag cáineadh, thairis sin, mí-úsáid an lipéadaithe ‘sceimhlitheoireachta’, ionchúisimh choiriúla in absentia agus bearta eile de chineál riaracháin, amhail saoránacht a chúlghairm, doiciméid a bhaineann le víosaí a dhiúltú, toirmisc taistil agus ar theacht isteach, agus doiciméid aitheantais agus seirbhísí consalachta nó baincéireachta a dhiúltú;

9. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di ról roinnt tíortha óstacha, lena n-áirítear roinnt Ballstát an Aontais, agus gníomhaithe neamhstáit, amhail soláthraithe seirbhíse digití agus idirghabhálaithe teicneolaíochta eile, an tionscal príobháideach earraí spiaireachta, conraitheoirí slándála, imscrúdaitheoirí príobháideacha, eagraíochtaí coiriúla agus ionadaithe, lena n-áirítear comhaltaí an diaspóra, maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear trí chomhoibriú i measc fhórsaí teorann agus slándála na stát;

10. á thabhairt chun suntais, thairis sin, go gcuireann cur faoi chois trasnáisiúnta mar bhagairt dhíreach ar cheannasacht agus ar shlándáil stát, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, ar chumas gníomhaithe stáit eachtracha imeaglú, comhéigean agus smacht a fheidhmiú lasmuigh dá dteorainneacha; á mheabhrú, cé gurb iad na Ballstáit amháin atá freagrach as an tslándáil náisiúnta, go bhfuil gá le freagairt chomhordaithe ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála agus cineál trasteorann na gcleachtas sin, lena n-áirítear tionscnaimh chomhair i measc na n-údarás náisiúnta, institiúidí an Aontais agus gníomhaithe na sochaí sibhialta;

11. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di crapadh an spáis shibhialta agus deoraithe, a bhfuil a nguthanna ríthábhachtach chun staideanna chearta an duine agus sárú ar chearta an duine i stáit fhorlámhacha a dhoiciméadú, a bheith á gcur ina dtost; á mheabhrú go dtéann sé chun leas straitéiseach an Aontais féin sochaithe saora agus daonlathacha a chosaint agus a thacú, lena n-áirítear i ngarchomharsanacht an Aontais;

12. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar síceolaíoch marthanach

ag cur faoi chois trasnáisiúnta ar mheabhairshláinte agus ar fholláine ghinearálta na n-íospartach agus a dteaghlach, lena n-áirítear a mbraistint sábháilteachta, a sláine shíceolaíoch, a gcaidrimh shóisialta agus a gcumas leanúint de dhul i mbun gníomhaíochtaí poiblí, as a n-eascraíonn tráma, leithlisiú agus eisiamh fadtéarmach i roinnt mhaith cásanna; ag cáineadh go láidir frithbheartaíocht dhéantóirí coire i gcoinne teaghlaigh CCDanna atá ina gcónaí thar lear mar mhodh chun cur faoi chois trasnáisiúnta a dhéanamh; á thabhairt dá haire go bhfuil éifeacht athchomhairleach ar leith ag an gcur faoi chois trasnáisiúnta freisin i measc an diaspóra agus na sochaí sibhialta atá ar deoraíocht;

13. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé a aithint go ndéanann cur faoi chois trasnáisiúnta i gcoinne CCDanna difear díréireach dóibh siúd a bhfuil leochaileachtaí acu a bhaineann le cine, eitneacht, reiligiún, inscne, gnéasacht, míchumas nó stádas socheacnamaíoch;

14. á chur i bhfios go láidir, i gcodanna áirithe den domhan, gur féidir le hiriseoirí a bheith neamhchosanta ar phatrúin chur faoi chois thrasnáisiúnta, agus go mbíonn iarmhairtí fadtéarmacha acu siúd dá ngairmeacha beatha agus dá sábháilteacht phearsanta;

Cur faoi chois trasnáisiúnta a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) aghaidh a thabhairt go córasach ar CCT i gcomhthéacs clásail i dtaca le cearta an duine i gcomhaontuithe an Aontais, i gcás inarb ábhartha, agus idirphlé i dtaca le cearta an duine le tíortha nach de chuid an Aontais iad agus i bhfóraim eile le haghaidh comhar déthaobhach agus iltaobhach, amhail Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine;

16. ag tathant ar SEGS cúnamh a thabhairt do CCDanna agus do dhaoine aonair spriocdhírithe, lena n-áirítear easaontaigh, ar íospartaigh an chur faoi chois thrasnáisiúnta iad i dtíortha nach bhfuil san Aontas, trí chláir thiomnaithe atá dírithe ar chur ar a gcumas leanúint dá gcuid oibre ar deoraíocht, agus iad fós sábháilte ó bhearta díoltais agus ó fhogha;

17. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS cur faoi chois trasnáisiúnta a áireamh i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas tar éis 2027 agus i dTreoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí Chearta an Duine mar bhagairt mhéadaitheach do CCDanna agus do dhaoine aonair spriocdhírithe, agus chun forálacha nithiúla i dtaca le cosaint agus sábháilteacht CCDanna a áireamh;

18. á áitiú go bhfuil géarghá le haghaidh a thabhairt, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, ar na bearnaí cosanta

atá os comhair CCDanna nuair a dhírítear orthu le cur faoi chois trasnáisiúnta; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht mhear, sholúbtha, inrochtana agus leanúnach dóibh, lena n-áirítear tacaíocht éigeandála, athlonnú sealadach agus uirlisí agus oiliúint chun a chur ar a gcumas iad féin a chosaint ar bhealach níos fearr ar gach cineál bagartha agus faireachais neamhdhleathaigh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cur faoi chois trasnáisiúnta; á chur i bhfáth gur gá oiliúint dhigiteach agus chibearshlándála, cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht shíceasóisialta a chur ar fáil do CCDanna a ndéanann cur faoi chois trasnáisiúnta difear dóibh; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh beartais agus cláir chosanta dírithe ar íospartaigh, íogair ó thaobh inscne de, trasnach, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach;

19. ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta a urramú agus á chur i bhfáth go bhfuil an ceart chun tearmann a lorg bunriachtanach chun daoine atá i mbaol géarleanúna faoi Choinbhinsiún na Ginéive a chosaint;

20. ag iarraidh ar na Ballstáit an úsáid is fearr a bhaint as a mbeartais náisiúnta agus as na corrlaigh atá ar fáil chun beartas níos comhtháite, níos comhordaithe agus níos intuartha a cheapadh do dhaoine a ndírítear orthu le cur faoi chois trasnáisiúnta;

21. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an ról atá ag ambasáidí na stát a bhfuil baint acu le cur faoi chois trasnáisiúnta; á chur i bhfios go bhfuil riosca méadaithe ann do CCDanna a bhfuil seirbhísí consalacha de dhíth orthu nuair a chuirtear iallach orthu dul i dteagmháil leis na hambasáidí sin; ag iarraidh ar na Ballstáit an brú a mhéadú ar ambasáidí tíortha a bhfuil baint acu le cur faoi chois trasnáisiúnta atá á n-óstáil ar a gcríocha, agus gan a n-urphoist taidhleoireachta a úsáid chun dul i mbun iarrachtaí chun easaontú thar lear a chur ina thost, i gcomhréir le Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta;

Faireachán comhordaithe agus bailiú sonraí a fheabhsú

22. ag iarraidh ar SEGS agus ar na Ballstáit, i gcomhar leis na hinstitiúidí ábhartha, amhail Europol, iarrachtaí a chomhordú agus sásraí faisnéise, sonraí, rianaithe agus tuairiscithe a bhunú chun feabhas a chur ar dhoiciméadú cásanna CCT ar a gcríocha agus mearfhreagairt agus imscrúdú a éascú nuair is gá; ag iarraidh ar SEGS feabhas a chur ar líonra na bpointí fócasacha do CCDanna spriocdhírithe agus do dhaoine aonair i dtoscaireachtaí an Aontais, a bhfuil sé de chúram orthu cásanna a ardú leis na húdaráis sa phríomhchathair ábhartha; á chreidiúint gur cheart go mbeadh rochtain ag an tsochaí shibhialta ar shásraí den sórt sin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí a n-ionchur a chlárú go cuí;

23. ag iarraidh ar an gCoimisiún sásra láraithe mapála a bhunú chun

teagmhais a bhaineann le CCT i gcoinne CCDanna san Aontas a shainaithint, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a mheasúnú agus foláirimh maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta i gcoinne CCDanna atá lonnaithe san Aontas a roinnt, rud a chuideoidh le bearnaí i mbeartas an Aontais a shainaithint, freagairtí straitéiseacha leordhóthanacha a cheapadh agus gníomhaíocht chomhordaithe a thacú i measc na mBallstát;

24. ag iarraidh ar na Ballstáit códú a dhéanamh ar CCT ina gcuid reachtaíochta náisiúnta, d'fhonn cuidiú le hinstitiúidí rialtais CCT a shainaithint agus a chosc; ag iarraidh ar na Ballstáit pointí fócasacha náisiúnta a bhunú laistigh dá rialtais d'íospartaigh fhéideartha agus iarbhír an chur faoi chois thrasnáisiúnta agus sraith straitéisí a chur ar fáil ina míneofar conas cásanna de sin a thuairisciú;

25. ag iarraidh ar na Ballstáit, Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) oiliúint a chur ar fáil maidir le feasacht ar CCT, ar fhrithstraitéisí agus ar phrótacail mheasúnaithe riosca shonracha do ghníomhaireachtaí rialtais ábhartha, do sholáthraithe seirbhísí seachtracha agus dá bhfoireann, go háirithe oifigigh chibearshlándála, údaráis forfheidhmithe dlí agus inimirce agus baill foirne atá i gceannas ar iarrataí ar víosaí a láimhseáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar iarrataí ar eiseachadadh agus ar chineálacha eile comhair dhlíthiúil le tíortha nach de chuid an Aontais iad, le fócas ar fhaireachas digiteach, rioscaí díoltais agus mí-úsáid sásraí dlíthiúla;

Aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha mar chumasóirí CCT

26. ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit cineálacha digiteacha cur faoi chois trasnáisiúnta a aithint, a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise lena ndírítear ar CCDanna, agus a áirithiú go gcosnófar CCDanna ar chiapadh, imeaglú agus cinsireacht ar líne, gan beann ar thionscnamh an tsoláthraí seirbhíse, suíomh an bhonneagair dhigitigh nó na huirlisí a úsáidtear; ag iarraidh ar Bhallstáit an Aontais coir a dhéanamh as gníomhaíochtaí faisnéise eachtraí lena ndírítear ar easaontaigh ar deoraíocht mar chineál cur faoi chois dhigitigh thrasnáisiúnta;

27. ag iarraidh ar na Ballstáit dianmhaoirseacht a chur i bhfeidhm ar mhargaí agus oibríochtaí earraí spiaireachta agus faireachais, lena n-áirítear trí dhícheall cuí éigeantach maidir le cearta an duine agus Rialachán an Aontais maidir le Dé-Úsáid[4] a chur i bhfeidhm maidir le honnmhaireoirí teicneolaíochta uile atá bunaithe san Aontas agus

---

[4] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).

onnmhairiú ceadúnas le haghaidh earraí spiaireachta chuig tíortha a bhfuil cur faoi chois trasnáisiúnta doiciméadaithe agus sáruithe ar chearta an duine acu a aisghairm, i gcás ina bhfuil riosca intuartha ann go n-úsáidfear na huirlisí sin chun abhcóideacht nó easaontú chearta an duine a chur ina dtost nó a phionósú; ag meabhrú Threoirlínte 2024 ón gCoimisiún maidir le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais, arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid teicneolaíochtaí cibearfhaireachais agus uirlisí praiticiúla a chur ar fáil d'onnmhaireoirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chásanna chearta an duine;

28. ag iarraidh ar na Ballstáit sásraí tuairiscithe atá inrochtana go héasca agus sábháilte a bhunú, atá ceaptha chun príobháideachas úsáideoirí a urramú agus a chosaint, chun a chur ar chumas CCDanna atá ar deoraíocht nó atá ina gcónaí i bpobail an diaspóra ábhair imní a chur in iúl maidir le cur faoi chois trasnáisiúnta digiteach le gníomhaireachtaí rialtais ábhartha; á chur i bhfáth gur gá aitheantas a thabhairt don dúshlán sonrach a bhaineann le cur faoi chois trasnáisiúnta digiteach inscnebhunaithe agus na hiarmhairtí ar leith a bhaineann leis an gcineál sin cur faoi chois do CCDanna ar mná iad;

29. ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a áirithiú go dtabharfar gníomhaithe príobháideacha, go háirithe in earnáil na teicneolaíochta, chun cuntais as a ról i gcásanna ina gcumasaíonn siad cur faoi chois trasnáisiúnta digiteach; á iarraidh, thairis sin, go bhfoilseofaí tuarascálacha trédhearcachta agus go mbunófaí sásraí casaoide éifeachtacha atá inrochtana do CCDanna agus do dhaoine eile atá i mbaol;

Cuntasacht a áirithiú agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm

30. ag iarraidh ar an Aontas stáit agus réimis a dhéanann cur faoi chois trasnáisiúnta a thabhairt chun cuntais as sáruithe ar chearta an duine faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, faoin gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe agus breithniú a dhéanamh ar smachtbhannaí spriocdhírithe a fhorchur ar na stáit sin agus ar dhéantóirí cur faoi chois trasnáisiúnta i gcoinne CCDanna; ag tathant ar an Aontas tacú le híospartaigh an chur faoi chois thrasnáisiúnta sásamh a lorg trí dhlíthíocht straitéiseach os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine;

31. ag cáineadh an fhíorais go dtarlaíonn cur faoi chois trasnáisiúnta freisin ar chríoch Bhallstáit an Aontais agus i gcásanna áirithe le comhpháirteachas na mBallstát sa chur faoi chois trasnáisiúnta; á thabhairt dá haire go gcumasaítear cur faoi chois trasnáisiúnta

freisin trí chomhoibriú idir rialtais;

32. á chur i bhfáth nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit seasamh le dícheall cuí maidir le cearta an duine ina rannpháirtíocht le rialtais arb eol go bhfuil siad rannpháirteach i gcur faoi chois trasnáisiúnta i gcoinne CCDanna nó go gcumasaíonn siad é;

33. ag iarraidh ar an Aontas cistiú a mhéadú do ProtectDefenders.eu, a shainordú a leathnú chun CCDanna atá i mbaol CCT a áireamh laistigh den Aontas, agus cistiú a mhéadú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i gcosaint CCDanna agus daoine aonair atá i mbaol;

34. ag iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhar go réamhghníomhach agus comhoibriú tuilleadh le Interpol agus leis na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear trí chreat slándála coiteann a fhorbairt le haghaidh cur faoi chois trasnáisiúnta chun deireadh a chur leis an úsáid mhí-úsáideach, a bhfuil údar polaitiúil léi, a bhaintear as fógraí dearga, fógraí gorma, feasacháin agus iarrataí ar eiseachadadh; á iarraidh go n-áireofaí i sainordú Europol CCT agus measúnú ar theagmhais ghaolmhara agus fógraí Interpol atá dírithe ar CCDanna agus ar dhaoine aonair eile; ag iarraidh ar na Ballstáit a bheith an-chúramach agus iarrataí ar ghabháil agus ar eiseachadadh ó réimis a bhfuil mí-úsáid bainte acu as fógraí dearga san am a chuaigh thart á mbreithniú acu;

35. ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit gach uirlis atá ar fáil a úsáid chun CCDanna agus daoine aonair a ndírítear orthu a chosaint agus ceannasacht náisiúnta agus luachanna daonlathacha a threisiú, lena n-áirítear smachtbhannaí faoi chóras domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine (GHRSR AE/Gníomh Magnitsky an Aontais) toirmisc ar víosaí agus díbirt taidhleoirí arb eol go ndeachaigh siad i mbun gníomhaíochtaí um chur faoi chois trasnáisiúnta; ag tathant ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar na Ballstáit cur faoi chois trasnáisiúnta a áireamh mar chatagóir insmachtbhannaithe faoi GHRSR AE agus daoine aonair a fhaightear a bheith ina ndéantóirí cur faoi chois trasnáisiúnta a liostú; á thabhairt rabhaidh go bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn d'inchreidteacht an Aontais mar thearmann sábháilte dóibh siúd atá ag teitheadh ó ghéarleanúint agus i dtaca le cearta an duine a chosaint mura ndéantar cur faoi chois trasnáisiúnta a chosc agus freagairt dó;

36. ag iarraidh ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar an gCoimisiún agus ar SEGS a gcuid ionstraimí uile a shlógadh agus a chomhordú chun aghaidh a thabhairt ar chur faoi chois trasnáisiúnta, caidreamh taidhleoireachta a dhianú, lena n-áirítear trí thoscaireachtaí an Aontais, chun cosc a chur ar oirbhearta CCT ag tíortha nach de chuid an Aontais iad agus chun iad a dhíspreagadh, agus na teagmhais seo

a thabhairt chun suntais trí ráitis phoiblí, agus ar an mbealach sin feasacht an phobail a mhéadú; á iarraidh go mbeadh comhordú feabhsaithe ann le tíortha comhpháirtíochta atá ar aon intinn leo, i gcomhthéacs G7 agus fóraim idirnáisiúnta ábhartha eile;

°

° °

37. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.